☸An Lúibín☸

16 Bealtaine 2008

Gaeilge faoi réim
The top dogs in Irish politics can, if they choose, bark in the Irish language.

Tá ceithre chéad bliain ann ó bhí Éire á rialú trí Ghaeilge, agus b'fhéidir go bhfuil an lá sin tagtha arís. Tá Gaeilge ar a dtoil ag an Taoiseach nua, Brian Cowen, agus ag a Thánaiste, Máire Ní Chochláin, agus é de chlú ar an Taoiseach go háirithe go bhfuil lé aige leis an teanga. Gaeilgeoirí eile is ea an tAire Gnóthaí Eachtracha, an tAire Airgeadais, an tAire Gnóthaí Sóisialta agus Clainne, agus ar ndóigh Éamon Ó Cuív, an tAire (síoraí) Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá Gaeilge ag ceannairí an Fhreasúra féin.

Tá sin go maith, agus b'fhearr fós an scéal dá gcloisfí níos mó Gaeilge sa Dáil dá bharr. Ní dócha go dtarlóidh sin agus formhór na dTeachtaí gan focal den teanga ina bpluc. Más fiú leis na cinn urraim a thabhairt don teanga, b'fhéidir go mbeadh a rian sin ar na cosa.

Féach www.plean2028.ie - seans do dhaoine a gcuid tuairimí a nochtadh i leith polasaithe teanga an Rialtais.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Comhar
The Irish-language journal Comhar*, recently in danger of death, seems set to survive.*

Tá aird tugtha ag *An Lúibín* ar chás na hirise *Comhar*, tréimhseachán stairiúil a chaill a chuid maoinithe agus a eagarthóir ar shála a chéile. Bhí coiste na hirise ar a seacht ndícheall ag iarraidh an scéal a réiteach, agus dá chomhartha sin féach an fógra a leanas:

Fáiltíonn Bord Comhar roimh iarratais don chúram páirtaimseartha mar eagarthóir Comhar ó 1 Iúil 2008 go dtí Nollaig 2010.

Tá Comhar ar cheann de na teidil is so-aitheanta agus is mó cáil i saol na Gaeilge ó 1942 i leith.

Duine freagrach, fuinniúil, beoga, seifteach atáthar a iarraidh.

Ní mór tuilleadh eolais a lorg ó: comhar.iris@gmail.com

Cuirtear iarratais, mar aon le CV, chuig Cathaoirleach Comhar ag an seoladh ríomhphoist thuas roimh 23 Bealtaine 2008.

Is ábhar suime iad na hathruithe a d'fhéadfadh eagarthóir nua a chur ar an iris, agus práinn le breis léitheoirí. Scríbhneoirí nua, ábhar nua, dearadh nua – d'fhéadfaimis a bheith ag súil leo seo go léir, gan dea-obair an atheagarthóra a lochtú; ach is iomaí sionnach a thug cor don chonairt.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Teanga is fiche
Compulsory language-learning in English-speaking schools cannot succeed without effective teaching at primary level; and at secondary level languages could still be optional.

Ar 2/5/08 tháinig litir amach ar *The Irish Times* agus ceisteanna á n-ardú ann a bhaineann le múineadh na dteangacha i gcoitinne. Máthair clainne is ea an bhean a scríobh í.

Deir sí go bhfuil trí príomhchúiseanna le páiste gan a bheith in ann faic a rá i nGaeilge tar éis í a fhoghlaim le 14 bliana mar ábhar éigeantach. Ní bhíonn an teanga á labhairt sa bhaile; níl an teanga á múineadh mar is ceart; is amhlaidh go bhfuil buanna agus tréithe difriúla ag gach páiste agus go bhfuil sé an-deacair ag páistí éigin greim a fháil ar theangacha i gcoitinne.

Ar dhóigh eile a mhúintear an Fhraincis, a deir sí, agus is fearr an greim atá ag na daltaí uirthi tar éis a cúig nó a sé de bhlianta. Is cúis náire é, dar léi, go gcaithfidh an oiread sin daltaí bunchúrsa Gaeilge a dhéanamh tar éis 14 bliana chun coinníollacha stáit a chomhlíonadh. Is uafásach an rud é gan do rogha de choláiste a bheith ar fáil agat cheal Gaeilge, go háirithe mura bhfuil gá agat leis an teanga sa cheird is rogha leat.

Deir mo dhuine go raibh sé ag dul rite leis an mac is sine aici teangacha eile a fhoghlaim, ach go bhfuil an dara duine den chlann an-tugtha don Ghaeilge. Ní mar a chéile iad na páistí, mar sin, agus ní oireann gach ábhar do gach dalta.

Tá comhairle den saghas seo bunoscionn leis an éigeantas uilechoiteann. Comhairle í a bhainfeadh leis an Astrail, tír a bhfuil díospóireacht ar siúl faoin ngá atá le teangacha eile sna scoileanna. Is fíor go n-éiríonn le tíortha eile ar nós na hÍsiltíre teangacha a chothú sa rang, ach tá Béarla ar na teangacha sin i gcónaí, cé go dteipeann ar an teanga sin féin uaireanta: ní mór an rath atá uirthi i scoileanna na Fraince.

Is ríléir gur theip ar an éigeantas in Éirinn, agus ní hiad na modhanna múinteoireachta amháin is cúis leis. Go fiú dá rachaidís sin i bhfeabhas is iomaí dalta nach bhfoghlaimeodh an teanga le fonn ná le héifeacht. Bheadh cuma eile ar an scéal, mar sin féin, dá mbainfí feidhm as an tumoideachas sna bunscoileanna: i.e. an teanga féin agus cúpla ábhar eile a mhúineadh trí Ghaeilge ar fad. Taispeánann na trialacha a rinneadh san Astráil agus i dtíortha eile gur beag an mhoill ar na páistí éirí líofa ach iad a thosú roimh seacht mbliana d'aois. (Ar ndóigh, ní foláir múinteoirí dátheangacha a bheith ann chuige – agus sin fadhb eile, mar is eol do chách.)

Sa mheánscoil d'fhéadfaí ligean do na daltaí teangacha a thréigean dá mba rogha leo é. Ní thagann seo le haidhm oifigiúil an dátheangachais ach tá sé ag teacht leis an saol mar atá, mar ní fiú teangacha a bhrú ar dhéagóirí mura bhfuil siad sásta iad a fhoghlaim. Ach an té a bhaineann aoibhneas as teanga eile sa bhunscoil is minic a leanann sé di – an argóint is treise ar son dúshraith cheart a thógáil i dtús scolaíochta.

San Astráil ní dócha go n-éireodh le haon iarracht ar na daltaí go léir a dhéanamh dátheangach, d'ainneoin an trách a dhéantar ar na buntáistí. Ach is féidir i bhfad níos mó daoine óga a chur ag foghlaim teangacha, agus is mithid na múinteoirí agus an t-am a chur ar fáil chuige.

Scéal ar leith is ea scéal na hÉireann, rud a léiríodh go gonta i litir eile scríobhadh chun *The Irish Times*. Dúradh nach í foghlaim na Gaeilge atá i gceist sna scoileanna ach siombalachas Stáit, agus go bhfuil a fhios sin ag na daltaí go maith. Tá bunús leis an tuiarim sin, cé nach mbréagnaíonn sé argóint na gaelscolaíochta. San Astráil tugtar tús áite don taobh praiticiúil den scéal, ach ní mó an rath atá ar an obair. Dhá theip agus gan aon réiteach fós ann.

Gan scolaíocht

Indigenous communities in Australia are suffering from the failure of schools to teach adequate English. What is often forgotten is that English is most effectively taught through local languages.

Ar na fadhbanna is measa i mbailte iargúlta bundúchasacha na hAstráile tá easpa oideachais. Fágtar an t-aos óg gan bhuneolas ar ghnóthaí an tsaoil mhóir, gan mháistreacht ar Bhéarla, gan chaoi ar dhul chun cinn. Tá praiseach déanta den scéal seo leis na blianta fada ag údaráis oideachasúla i lár agus i dtuaisceart na tíre toisc nach ndeachaigh siad i gcomhairle le muintire na háite, nár ghlac siad go hiomlán le teangacha áitiúla mar mhodh múinteoireachta agus nár chaith siad na pinginí go críonna. An mhí seo caite rinne múinteoir seanchleachta an scéal a léiriú.[1]

Chaith Wendy Baarda tríocha bliain a chaitheamh ag múineadh in Yuendumu – baile iargúlta atá timpeall 300 ciliméadar siar ó thuaidh d'Alice Springs agus a bhfuil Vairlpiris (*Warlpiri*) mar an teanga dhúchais ann – ach ar feadh na ndeich mbliana seo caite chonaic sí an cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta ag dul i laige. Is dóigh léi gurb é is cionsiocair leis, an fhaillí a dhéantar sa teagasc dátheangach agus a dheacra atá sé príomhoidí a fháil atá in ann roinnt le dhá pobal atá an-difriúil le chéile agus dul i gcomhairle le bunadh na háite chun fadhbanna a fhuascailt.

Cúig mbliana déag ó shin bhí deichniúr san fhoireann Vairlpireach agus deichniúr san fhoireann bhán, agus ina measc siúd bhí comhairleoir agus teangeolaí. Anois níl ann ach múinteoir oilte Vairlpireach amháin, ceathrar cúntóirí Vairlpireacha agus seachtar múinteoirí bána. Deir Baarda nach mbíonn an oiread sin teaghlach páirteach sa scolaíocht anois toisc laghdú a theacht ar an bhfoireann Vairlpireach. Tá caighdeán an Bhéarla labhartha agus scríofa an-íseal sna scoileanna iargúlta go léir, agus ní airde é sna scoileanna lánBhéarla ná sna scoileanna dátheangacha.

Deir Baarda gur beag an cúnamh méadú ar líon na foirne báine gan méadú san am céanna ar líon na foirne áitiúla, idir chúntóirí scoile agus mhúinteoirí lánoilte. An fhoireann áitiúil atá anois ann déanann siad gaisce, agus is sampla iontach do na páistí iad. Is fíorluachmhar é an t-eolas a thugann siad faoina ndúchas. Ach mar a deir sí:

> Ní bhíonn an gradam céanna ag na cúntóirí, áfach, is a bhíonn ag na múinteoirí. Is fearr do pháistí Vairlpireacha a muintir féin a fheiceáil i gceannas ar an rang.

Molann sí an príomhoide atá anois ann, ós athrach bisigh na hathruithe a rinne sé. Ach tá gá le ceannairí ó bhunadh na háite a bhfuil an dá theanga agus an dá chultúr acu agus spéis acu i gcúrsaí oideachais.

Tá an t-airgead ann, dar léi: coiglíonn an Rialtas Cónasctha agus Rialtas na Dúiche Tuaisceartaí[2] na milliúin dollar toisc go n-éiríonn an oiread sin daltaí bundúchasacha as an mbunscolaíocht agus nach gá meánscolaíocht a sholáthar dóibh dá bharr. Ba chóir feidhm a bhaint as an airgead sin chun spéis an phobail a mhúscailt, chun foireann áitiúil a fhostú agus chun buntacaíocht a thabhairt dóibh.

Tá bun le caint Bhaarda agus is measa go mór an scéal i gceantair eile. Is iomaí scoil nach bhfuil ar oscailt cúig lá sa tseachtain. Uaireanta tugtar múinteoirí bána isteach ar eitleáin le haghaidh cúpla uair an chloig lá amháin sa tseachtain. Bunábhair ar nós na staire, na tíreolaíochta agus na matamaitice níl siad á múineadh. Tá pobail bhundúchasacha áirithe ag tabhairt faoin scéal a réiteach ar a ndóigh féin. I gcoláiste na nOileán Tíveach (*Tiwi*), lastuaidh den mhór-roinn, tá seanóirí an phobail ar a ndícheall ag iarraidh na bpáistí a chur ar

[1] *The Education Age*, Opinion, 'A Pathway to Literacy,' 28/4/08.

[2] Níl leagan oifigiúil Gaeilge de *Northern Territory* le fáil go fóill. Anseo tugtar 'an Dúiche Thuaisceartach' air.

comhchéim le daltaí sa chuid eile den tír. In Yirrkala (*Arnhemland* an Bhéarla, in oirthuaisceart na Dúiche Tuaisceartaí) dhiúltaigh siad glan fáil réidh le teagasc dátheangach mar ab áil leis an Rialtas sna nóchaidí agus níl lá aiféala orthu dá bharr. Ceantar é a bhfuil an dúchas láidir fós ann, fuinneamh sa teanga agus san ealaín thraidisiúnta. Ach go fiú sna háiteanna seo tá gá le cabhair.

Neosfaidh an aimsir cad a tharlóidh de bharr coir eile a tháinig sa scéal - cumhacht a bhaint de na mionúdaráis áitiúla thuaidh (toisc ainm an fhabhair agus na calaoise a bheith orthu go minic) agus í a thabhairt d'údaráis mhóra. D'fhéadfadh seo cur le héifeacht na seirbhísí oideachais agus eile; ach ba mhór an botún faillí a dhéanamh sna teangacha is sine ar domhan.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Teangacha dhá thír
Australia has a history of writers using languages other than English.

Is í an inimirce – daoine ag teacht as gach cearn – a rinne an Astráil atá anois ann, díreach mar a rinne sí tíortha Mheiriceá Thuaidh. Tháinig teangacha nua isteach, agus tháinig scríbhneoirí. Bhí rogha le déanamh acu sin agus ag a gclann – leanúint orthu ag scríobh i dteanga a muintire, feidhm a bhaint as Béarla nó scríobh sa dá theanga. In Odessa na Rúise a rugadh Judah Waten (1911-1985); tháinig a mhuintir, agus Giúdais ó dhúchas acu, chun na hAstráile sa bhliain 1914. Ba scríbhneoir Béarla é ach bhí an-suim aige riamh i saol measctha na n-inimirceach.

> Is beag a dúradh faoi scríbhneoirí inimirceacha a scríobh ina dteanga dhúchais faoi bheatha a gcuid pobal san Astráil. Tá a leithéidí le fáil i bhformhór mór ár bpobal eachtrannach ó na caogaidí i leith, agus bhí a lán acu ann roimh an gcogadh: bhí siad go léir ina scríbhneoirí nuair a bhain siad na Astráil amach, ach fuair siad a gcuid téamaí ón inimirce agus ó shaol na ndaoine nua i dtír iasachta. Bhí aithne agam ar chuid acu.[3]

Ar na scríbhneoirí sin bhí Pinchas Goldher, a d'fhoilsigh *Scéalta faoin Astráil* i nGiúdais sa bhliain 1939. Scríobhadh sé faoi inimircigh Ghiúdacha na bhfichidí, daoine a shíl go raibh tír tairngre rompu. Scríbhneoir eile ba ea Herz Bergner, a cailleadh sa bhliain 1969, agus a bhí ag scríobh roimh an gcogadh agus ina dhiaidh. Ghnóthaigh a úrscéal *Idir Aer agus Muir* bonn óir Chumann na Litríochta Astrálaí sa bhliain 1947, agus é aistrithe go Béarla ag Waten féin. Luann Waten an scríbhneoir Alex Doucas, a scríobh dhá úrscéal i nGréigis faoi shaol a phobail san Astráil, agus an file Iodál-Astrálach Mariano Coreno, a d'fhoilsigh *Persone e Stelle*, cnuasach alt.

Bheadh an liosta níos faide inniu: foilsíodh roinnt leabhar eile i dteangacha éagsúla, agus tá daoine ag scríobh do nuachtáin áitiúla in Iodáilis, i nGréigis, i Spáinnis, i Sínis agus i dteangacha eile. Is fusa an iriseoireacht a chothú, mar freagraíonn sí do riachtanas praiticiúil; ach an té a bhfuil Béarla ar a thoil aige agus fonn air scéal nó dán a scríobh, féachann sé de ghnáth le freastal ar lucht léitheoireachta atá níos forleithne ná an dream a chleachtann teanga chúng a mhuintire. Uaireanta tosaíonn duine ag scríobh ina theanga dhúchais agus tarraingíonn an Béarla chuige ina dhiaidh sin. Nó a mhalairt, mar a fheicfimid.

Is é an scríbhneoir chruthaitheach is mó atá i gceist againn anseo, an duine a dhéanann a léiriú féin ar dhúchas ar leis é agus nach leis é: dúchas a thagann chuige trí theanga áirithe agus an teanga céanna á fuadach uaidh ag an aimsir agus ag an mbás. I saol sealadach a

[3] Alt sa tréimhseachán *Nation*, 27 Meitheamh 1970. Féach *Nation: The Life of an Independent Journal of Opinion 1958-1972*. Eag. K.S. Inglis, le cúnamh Jan Brazier. Melbourne University Press 1989.

mhaireann an scríbhneoir seo, agus an t-iriseoir féin; b'fhéidir go léifeadh muintir na seantíre a shaothar – guth ó imeall an dúchais – ach bíonn baile eile ann, ceann a roghnaigh sé nó a roghnaíodh ar a shon (agus b'in cás Waten), agus an cheist seo á cur air: An féidir leat scríobh mar údar Astrálach i dteanga an mhionlaigh?

Déarfadh daoine éigin gur cuma sa tubaiste cén lipéad náisiúnta a chuirfí ar an saothar ach an saothar féin a bheith go maith. Mura bhfuil tú sásta scríobh i mBéarla tá cead agat aistritheoir a fháil. Cuimhnímis mar sin ar chás an Astrálaigh a thograíonn scríobh as Gaeilge, teanga nach mbaineann le haon phobal ceart anois sa tír seo. An rud a scríobhann an púca léann sé féin é: ach bíonn púcaí eile á léamh i mbólaí eile anois. Is féidir (mar a dhéanann Gaeilgeoir áirithe) colún míosúil a scríobh faoi scéalta Astrálacha d'iris Idirlín a bhfuil teacht uirthi ar fud an domhain. Is féidir (mar a dhéanann údar an ailt seo) gearrscéalta agus eile a fhoilsiú sna hirisí Gaeilge. Fáisctear an saothar sin as saol a bhaineann le háit áirithe agus le stair áirithe, saol atá ina meascán de rudaí cianaosta agus de nósanna nua. Tugaimis an Astráil air.

An tAstrálach a scríobhann i nGaeilge go háirithe, cé na léitheoirí atá aige nó uaidh? Scata thar lear agus scata eile sa bhaile, agus súil aige go dtiocfaidh méadú ar líon an dara dream. Chaill scríbhneoirí Giúdaise na tíre seo a gcuid léitheoirí de réir a chéile (cé go bhfuil roinnt daoine ag iarraidh an dé a coinneáil sa teanga), ach bhí na léitheoirí ann. Tháinig na mílte ó Éirinn sa 19ú haois, ach is beag duine acu a bheadh in ann Gaeilge a léamh, agus b'fhéidir go bhfuil níos mó daoine san Astráil anois a fhéadann é a dhéanamh ná mar a bhí nuair ba láidre an teanga anseo. Ar éigean a thabharfaí pobal orthu siúd, ach tá bunús pobail ann, dream ar fiú scríobh dóibh.

Mar a dúirt Waten, agus fios a ghnó aige, is féidir scéal an inimircigh a insint i mBéarla. Cruthaíonn ár leithéidí eile gur féidir scéal ar bith a insint i nGaeilge.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun colger@melbpc.org.au nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au